Seasamh an Bhoird Bhainistíochta i Scoil Oilibhéir maidir le háiteanna sna Naíonáin Shóisearacha don scoilbhliain 2020/2021

Go stairiúil, ní raibh ach rang amháin de gach rangleibhéal i Scoil Oilibhéir. Tharla sé trí huaire roimh an mbliain seo caite gur glacadh le dhá rang Naíonán Sóisearach, rud a d'fhág 9 rang sa scoil. Bhí tréimhse ann le 10 rang sa scoil nuair a glacadh le dhá rang Naíonan Sóisearach laistigh de chúpla bliain dá chéile. Ar ndóigh, tá fás as cuimse tagtha ar dhaonra Bhaile Átha Cliath 15 agus tuigtear níos fearr do thuismitheoirí na leathanta seo go bhfuil buntáistí ollmhóra ag baint leis an nGaelscolaíocht. Ba chúis bhróin agus dhíomá don Bhord é i gcónaí nach raibh siad in ann glacadh le páistí na dtuismitheoirí ar fad a bhí ag lorg an Ghaeloideachais dá bpáistí.

Mar réiteach air seo, thóg Bord Bainistíochta Scoil Oilibhéir an cinneadh dhá bhliain ó shin go mbeidís sásta glacadh le dhá rang Naíonán Sóisearach, ar feadh ocht mbliana, go dtí go mbeadh Scoil Oilibhéir ina scoil dháshrutha. Rinneadh an-soiléir é ag an am nach bhféadfaí é sin a dhéanamh gan tacaíocht ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Ghlacamar le dhá rang Naíonán Sóisearach anuraidh le freastal a dhéanamh ar an éileamh ollmhór a bhí ann. D'aistríomar an leabharlann ina seomra ranga chun glacadh leis an dara rang Naíonán Sóisearach seo. I mbliana, níl aon bhealach againn faoi láthair an spás breise a dhéanamh.

Táimid i dteagmháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus táimid ag fiosrú leo na mbealaí is fearr le freastal ar an éileamh suntasach ar áiteanna, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Tá an Bord Bainistíochta dóchasach go dtiocfar ar réiteach, i bpáirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, le cinntiú gur féidir freastal ar an éileamh leanúnach ar an nGaelscolaíocht sa cheantar.

The position of the Board of Management of Scoil Oilibhéir regarding places for Junior Infants for the schoolyear 2020/2021

Historically, there was only one of each class level in Scoil Oilibhéir. *It has occurred 3 times before last year that 2 Junior Infant classes were taken in, which left 9 classes in the school. There was a period with 10 classes in the school when 2 Junior Infant classes were accepted within a couple of years of each other. Of course, the population of Dublin 15 has grown immensely and parents now have a better understanding of the advantages associated with a* Gaelscoil *education. It was a cause of sadness and disappointment to the Board of of Management that they couldn't accept all the children whose parents sought a* Gaelscoil *education for their children.*

To resolve this, the Board of Management took a decision 2 years ago that it would be happy to accept 2 classes of Junior Infants, for a period of 8 years, until Scoil Oilibhéir had become a two stream school. It was made very clear at the time that this could not be done without the support of the Department of Education and Skills. We accepted two classes of Junior Infants last year to serve the huge demand that existed. We converted the library into a classroom to accept this second class of Junior Infants. This year we currently have no way of making additional space.

We are in contact with the Department of Education and Skills and are exploring with them how best to cater for the significant demand for places, both in the short and long term. The Board of Management are hopeful that a solution can be identified with the Department of Education and Skills to ensure that the enduring demand for Gaelscoil *education within our community is met.*